
FÓGRA – ALT 38

Scéim Taistil Ghníomhaigh - R446 Bhéal Átha na Sluaighe, acomhal Shráid an Droichid go hacomhal Bhóthar Uí Earcha, Béal Átha na Sluaighe, Co. Na Gaillimhe

Faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, féadfaidh Údarás Bóthair, ar mhaithe le sábháilteacht agus le héascaíocht úsáideoirí bóthair, cibé obair mhaolaithe tráchta a mheastar a bheith inmhianaithe a dhéanamh i leith bóthar poiblí atá faoina gcúram.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Taistil Ghníomhaigh a chur i bhfeidhm ag an suíomh seo a leanas:

R446 i mBéal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe idir agus lena n-áirítear an acomhal le Bóthar Uí Earcha san iarthar agus Sráid an Droichid san oirthear.

Seo a leanas achoimre ar na bearta atá beartaithe don suíomh seo (faoi réir maoinithe):

- Soláthar raon rothar dhá bhealach feadh taobh amháin den R446 agus uasghráduithe ar chosáin feadh na scéime. Tá cosáin úsáide comhroinnte beartaithe ag timpealláin agus ag pointí iontrála ag teorainneacha uile na scéime
- Trasrianta coisithe nua a thógáil agus trasrianta coisithe atá ann cheana féin a uasghrádú feadh an R446. Tá rampaí, crosrian síogach 4.0m ar leithead le rabhcháin Belisha, ag gach crosaire atá beartaithe, seachas crosairí Shráid an Droichid agus Breacarnach atá á rialú le rialuithe comharthaíochta brúchnaípe.
- Uasghráduithe ar acomhail bóithre taobh lena n-áirítear trasrianta ardaithe do choisithe agus do rothaithe.
- Uasghráduithe ar Thimpeallán na Canálach Móire lena n-áirítear cosán úsáide comhroinnte a thógáil agus uasghráduithe ar na trasrianta coisithe go léir le bheith ina gcrosrianta síogacha ardaithe le rabhcháin Belisha.
- Tógáil timpealláin nua ag acomhal Bhóthar Uí Earcha an R446 – L4604, le cosáin úsáide comhroinnte agus crosrianta síogacha ardaithe le rabhcháin Belisha ar gach taobh.
- Tógáil dhá stad bus nua le scáthláin ag an Muiríne, agus stadanna bus nua ag Cnoc Dhún Leo.
- Soláthar ionad fágála nua ag an Naíolann ag Breacarnach
- Cruth a chur ar pháirceáil chomhthreomhar in áiteanna oiriúnacha feadh an R446.
- Feabhsuithe ar an Réimse Poiblí le pleanáil imill agus gairdíní báistí.

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear líníochtaí don scéim, ar fáil ar líne ag:

<https://consult.galway.ie/> ón Aoine an 13 Márta go dtí an Aoine an 27 Márta 2026 ag 12pm.

Ina theannta sin, is féidir iad a fheiceáil freisin, le linn gnáthuaireanta oibre, ag: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX le linn na tréimhse céanna a luadh thuas.

Is féidir aighneachtaí a bhaineann leis na scéimeanna thuasluaite a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhFoireann Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX nó go leictreonach trí <https://consult.galway.ie/>.

Is é 12pm Dé hAoine, an 27 Márta 2026 an dáta is déanaí chun aighneachtaí den sórt sin a fháil.